Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an gCiste Coigeartaithe Aeráide á mhaoiniú tríd an gCiste Comhtháthaithe agus NextGenerationEU

(tuairim féintionscnaimh)

(2022/C 486/04)

Rapóirtéir: **Ioannis VARDAKASTANIS**

Comhrapóirtéir : **Judith VORBACH**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	9.9.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	21.9.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	572
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	139/3/3

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá céimeanna suntasacha á nglacadh ag an Aontas Eorpach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. I mbeartais aeráide, chomhshaoil agus fuinnimh an Aontais, tá plean fadtéarmach chun cur leis an iarracht cosc a chur leis na tionchair is measa a ghabhann leis an ngéarchéim aeráide atá roimh an domhan. Is féidir nach leor an méid sin, áfach.

1.2. Cé gur suntasach a thiomanta atá an tAontas, is léir cheana féin, ar an drochuair, cuid de na hiarmhairtí a bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an nganntanas acmhainní. Dá bhrí sin, tá ar an gcine daonna dul in oiriúint do shaol nua a leithéid nach bhfacthas riamh cheana. Cé go bhfuil an tAontas tiomanta, mar is ceart, do chás níos measa fós a sheachaint, níl sé ullamh, mar sin féin, chun aghaidh a thabhairt ar éigeandálaí aeráide, géarchéimeanna fuinnimh ná tubaistí nádúrtha nach bhfuiltear ag súil leo.

1.3. Ó 2021 i leith, thit dhá éigeandáil shuntasacha amach nach raibh sé d'acmhainn ag sásraí cistiúcháin an Aontais freagairt go sásúil dóibh. An chéad cheann a bhí ann ná an scrios a rinneadh ar fud na hEorpa de dheasca na dtuilte agus na bhfalscaithe a bhí ann le linn shamhradh 2021. An dara ceann a bhí ann ná an ghéarchéim fuinnimh atá ann i gcónaí agus an gá atá ag an Aontas le neamhspleáchas fuinnimh a bhaint amach i bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin in 2022.

1.4. Is é Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) sásra reatha an Aontais chun freagairt do thubaistí nádúrtha. Mar sin féin, is lú i bhfad buiséad bliantúil CDAE ná costas an damáiste a rinneadh de bharr na dtubaistí nádúrtha a tharla le déanaí agus is gá méadú ollmhór a dhéanamh air. Is substaintiúla cistí an Aontais le haghaidh an aistrithe ghlais, ach ní chuirtear san áireamh leis sin a phráinní atá an gá atá ag an Aontas faoi láthair le neamhspleáchas fuinnimh ná baol mór na bochtaineachta fuinnimh, mar a leagtar amach i dtuairim SOC/717 ó CESE *Ag dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus an athléimneacht san Aontas Eorpach: dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta* ([1]) (níl leagan Gaeilge ann).

1.5. Tá CESE den bharúil go bhfuil sásra nua cistiúcháin ag teastáil ón Aontas, sásra lena bhféadfaí cúnamh láithreach uaillmhianach a chur ar fáil chun cabhrú leis na Ballstáit i gcásanna éigeandála mar a luadh thuas. Dá bhrí sin, tá CESE ag moladh Ciste Coigeartaithe Aeráide nua a chruthú. Ba cheart an cistiú a bhainfeadh leis a atreorú ó chistí de chuid an Aontais atá ann cheana, go háirithe ón gCiste Comhtháthaithe agus ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ach ba cheart é a bhainistiú ar bhealach cuíchóirithe comhleanúnach tríd an gciste nua seo.

([1]) https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/tackling-energy-poverty-and-eus-resilience-challenges-economic-and-social-perspective. (Féach leathanaigh 88 den Iris Oifigiúil seo).

1.6. Mar chuid de nuachóiriú na timpeallachta cistiúcháin, d'fhéadfaí an raon feidhme a leathnú, borradh a chur faoi na cláir atá ann cheana, agus cuimhneamh ar NextGenerationEU (NGEU) a úsáid mar theimpléad le haghaidh uirlis chistiúcháin nua.

1.7. I bhfianaise na riachtanas infheistíochta suntasach atá ann, tá CESE ag moladh freisin don Choimisiún féachaint leis an gCiste Coigeartaithe Aeráide a threisiú trí infheistíocht phríobháideach agus ranníocaíochtaí príobháideacha a spreagadh. I gcás sonrach na dtubaistí nádúrtha, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit iarrachtaí a dhéanamh cumhdach árachais a mhéadú agus a éascú agus an córas árachais a chur chun tairbhe mar mhodh maoinithe dhírigh chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú, go háirithe i limistéir ardriosca, d'fhonn an spleáchas ar thacaíocht chistiúcháin an Aontais a laghdú.

1.8. Caithfidh an Ciste Coigeartaithe Aeráide a bheith oiriúnaitheach agus solúbtha, agus a bheith ullmhaithe le go mbainfear feidhm as chun freagairt do ghéarchéimeanna nua agus dóibh siúd a thiocfaidh chun cinn sna blianta fada amach anseo.

1.9. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh feidhmiú an Chiste Coigeartaithe Aeráide, rud a leagfadh béim ní ba mhó ar fhreagairtí gasta práinneacha, ag teacht le beartais uileghabhálacha aeráide, chomhshaoil, agus fuinnimh an Aontais, rudaí a laghdóidh san fhadtéarma an spleáchas ar fhreagairtí éigeandála agus a thabharfaidh cosaint don chine daonna agus don dúlra araon.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Maidir le comhrac a dhéanamh i gcoinne na géarchéime aeráide, tá CESE á chur in iúl gur thug an tAontas gealltanais déanamh amhlaidh sna gealltanais a tugadh faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip i dtaca le Comhaontú Pháras agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a chur chun feidhme. Cé gur cheart tús áite a thabhairt do shrian a chur le cúiseanna an athraithe aeráide i mbeartas aeráide an Aontais, tá CESE ag leagan béim ar an ngá atá le sásraí láidre sruthlínithe a bheith ar fáil, san am céanna leis na pleananna maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa, chun dul i ngleic leis na héigeandálaí aeráide agus fuinnimh a bhfuil pobal an Aontais ag tabhairt aghaidh orthu cheana féin.

2.2. Is éard atá i bhfís CESE go gcruthófaí Ciste Coigeartaithe Aeráide nua, togra a dtacaíonn roinnt mhaith Feisirí de Pharlaimint na hEorpa leis ([2]). Ba cheart acmhainní a chur ar fáil don chiste sin le hairgead atá ann cheana sa Chiste Comhtháthaithe agus sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ach ciste aonair a dhéanamh de lena gcuirfí feabhas ar éifeachtúlacht agus ar agaí freagartha agus lena n-éascófaí faireachán láraithe ar na háiteanna is mó a bhfuil gá le cistiú. Ba cheart go gcuirfeadh an sásra le cumas an Aontais tacú leis na Ballstáit freagairt go tapa d'éigeandálaí aeráide, comhshaoil agus fuinnimh. Sa chomhthéacs reatha, bheifí in ann é a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhá cheann de na héigeandálaí is suntasaí atá roimh an Eoraip faoi láthair: téarnamh ó thubaistí nádúrtha atá ag éirí níos coitianta i gcónaí agus an géarghá atá le haistriú chuig fuinneamh glas agus le gluaiseacht i dtreo Eoraip a bheadh neamhspleách ó thaobh fuinnimh de, ach solúbthacht a bheith ann chun géarchéimeanna san am atá le teacht a fhreagairt.

2.3. Tá cistí an Aontais á ndíriú cheana féin ar an aistriú fuinnimh agus ar an téarnaimh ó thubaistí. Tá saincheisteanna éagsúla ann, áfach, a bhaineann óna éifeachtaí atá siad. Maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) atá ann cheana agus a bunaíodh chun cabhrú le pobail teacht slán ó thubaistí nádúrtha, níl sé mór go leor chun freagairt do scála na dtubaistí aeráide nua-aimseartha. Is uaillmhianaí an cistiúchán le haghaidh an aistrithe fuinnimh, ach níl sé leordhóthanach ach oiread, ná baol air. Lena chois sin, rialaítear é trí roinnt cistí éagsúla, rud a mbaineann baol na neamhréireachta nó an fhorluí leis, agus ar bhealach ina measctar cuspóirí práinneacha le spriocanna níos fadtéarmaí maidir leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide. I bhfianaise an ghá atá le neamhspleáchas fuinnimh an Aontais a fhorbairt de dheasca ionradh na Rúise ar an Úcráin, is léir anois a oiread a bhaintear ó chumas an Aontais freagairt go deimhneach d'imeachtaí idirnáisiúnta de dheasca spleáchas fuinnimh na hEorpa ar thíortha naimhdeacha.

2.4. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go gcruthófaí Ciste Coigeartaithe Aeráide lena bhfreastalófaí ar an gcuspóir sonrach freagairt d'éigeandálaí comhshaoil, aeráide agus fuinnimh atá ar tí tarlú, agus lena gcuideofaí leis an Aontas a chur in oiriúint don saol nua ina bhfuil, faraor, na géarchéimeanna sin ag éirí níos coitianta i gcónaí. Ba cheart an Ciste Coigeartaithe Aeráide a bheith ina chúlchiste, ceann a bheadh ar fáil i gcónaí d'fhonn beart a dhéanamh láithreach bonn le linn tréimhsí a mbeadh géar-riachtanais infheistíochta ann.

([2]) Regional development MEPs suggest to set up a Climate Change Adaptation Fund [Moladh ó Fheisirí an Choiste um Fhorbairt Réigiúnach Ciste um Oiriúnú don Athrú Aeráide a chur ar bun] | Nuacht | Parlaimint na hEorpa.

2.5. Níor mhór an tsolúbthacht agus an stóinseacht is gá a chur ar fáil leis an gciste ionas go mbeifí in ann infheistíocht thapa uaillmhianach a dhéanamh chun freastal ar riachtanais láithreacha an Aontais agus, san am céanna, a bheith ag teacht i gcónaí le beartais fhadtéarmacha aeráide agus fuinnimh. Ba cheart a thabhairt le chéile ann sciar den chistiú comhtháthaithe atá curtha i leataobh i láthair na huaire le haghaidh saincheisteanna aeráide, CDAE atá ann cheana, agus sciar de chistiú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta atá curtha i leataobh le haghaidh athchóirithe comhshaoil. Ach na hacmhainní sin a bheith dírithe ar chiste aonair a mbeadh béim shoiléir ar ghníomhaíocht phráinneach ag baint leis, chuirfí feabhas ar éifeachtúlacht na freagartha agus d'éascófaí an faireachán ar na riachtanais infheistíochta is mó gá. Leis sin, ba cheart gurbh fhearr ab fhéidir airgead a chur gan mhoill chuig an áit is gá.

2.6. D'fhonn an timpeallacht chistiúcháin a nuachóiriú, d'fhéadfaí raon feidhme a na clár atá ann cheana a leathnú agus borradh a chur fúthu. I bhfianaise an leasa choitinn agus an ghéarghá atá le comhrac a dhéanamh i gcoinne an athraithe aeráide agus na n-iarmhairtí tubaisteacha a bhaineann leis, tá béim á leagan freisin ag CESE ar an ngá atá le modh cistiúcháin níos fearr a aimsiú amach anseo. Fiú amháin dá gcuirfí riail óir maidir le hinfheistíochtaí glasa chun feidhme, mar ba cheart, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé d'acmhainn ag roinnt Ballstát an infheistíocht ollmhór is gá a thiomsú gan a n-inbhuanaitheacht fhioscach a chur i mbaol. Dá bhrí sin, tá CESE ag moladh freisin go gcuimhneofaí ar NextGenerationEU (NGEU) a úsáid mar theimpléad chun an Ciste Coigeartaithe Aeráide a chistiú. Ba cheart deontais agus/nó iasachtaí ón sásra sin a scaoileadh ar choinníoll go ndéanfadh an Ballstát nó an réigiún a gheobhadh iad infheistíocht sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus na n-iarmhairtí a bhaineann leis, mar shampla infheistíochtaí a dhéanamh ina dhiaidh sin i bhfuinneamh in-athnuaite agus dícharbónaithe. Ní mór a leithéidí sin de bhearta beartais a nascadh le rannpháirtíocht éigeantach na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ní mór prionsabal na comhpháirtíochta atá cumhdaithe sa bheartas comhtháthaithe a urramú.

2.7. Tá CESE á thabhairt chun suntais nach leordhóthanach leis féin an Ciste Coigeartaithe Aeráide chun déileáil le hiarmhairtí na dtubaistí nádúrtha ná íoc as na costais a bhaineann leis an oiriúnú don athrú aeráide d'fhonn athléimneacht níos fearr a éascú. I ndáil leis sin, tá CESE ag tarraingt aird ar an mbearna cosanta aeráide, is é sin an sciar de na caillteanais eacnamaíocha neamhárachaithe ar thubaistí a bhain leis an aeráid ba chúis leo. Ní rud coitianta fós san Eoraip an t-árachas in aghaidh tubaistí nádúrtha. Ní raibh faoi árachas ann ach tuairim is 35 % de na caillteanais a bhí ann de dheasca tubaistí nádúrtha idir 1980 agus 2017 ([3]). Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach árachas tubaiste a scrúdú agus a chur chun cinn sna Ballstáit agus scéimeanna árachais náisiúnta a chur chun cinn lena spreagtar úsáideoirí infheistíocht a dhéanamh san oiriúnú, rud a laghdaíonn an brú ar chistí an Aontais agus a spreagann infheistíocht réamhghníomhach. Is féidir le hidirphlé idir geallsealbhóirí agus nuálaíocht maidir le táirgí árachais réitigh aistrithe riosca nua a fhorbairt laistigh den chóras árachais agus athárachais, agus tús áite á thabhairt do chobhsaíocht an mhargaidh airgeadais agus do chosaint tomhaltóirí ([4]). Ar an gcaoi sin, chuirfí le cumas an Chiste Coigeartaithe Aeráide aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh ann amach anseo.

2.8. Tá ról tábhachtach ag cistí an Aontais freisin arb iad foinse an airgid síl iad, rud a mheallann infheistíocht phríobháideach, lena n-áirítear san oiriúnú chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú.

3. **An Ciste Coigeartaithe Aeráide ina uirlis téarnaimh agus ullmhachta i gcás tubaistí**

3.1. I staidéar idirinstitiúideach de chuid an Aontais, léirítear ar bhealach soiléir sothuigthe a phráinní atá sé go rachfar i ngleic leis an ngéarchéim aeráide. Deirtear ann nach féidir leis an bpláinéad méadú níos mó ná 1,5 céim a láimhseáil. Má thagann méadú sa bhreis air sin ar an teocht tar éis 2030, is mó fós triomach, tuilte, teas foircneach agus bochtaineacht a bheidh i ndán do na céadta milliún daoine. Sa chás sin, is é is dóichí go dtiocfaidh deireadh leis na pobail is leochailí atá anois ann ([5]).

3.2. Is léir anois go bhfuil an tAontas i bhfad ó bheith ullamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide. In 2021, tharla scrios nach bhfacthas riamh roimhe seo i mBallstáit an Aontais de dheasca tubaistí nádúrtha, lena n-áirítear tuilte marfacha sa Ghearmáin agus i dtíortha Benelux, agus falscaithe tubaisteacha sa Ghréig agus sa Spáinn. I bhfianaise na géarchéime aeráide agus foinsí eile díghrádaithe comhshaoil, is dócha gur gnáthrudaí seachas eisceachtaí a bheidh i scrios agus tubaistí nádúrtha amach anseo. Dá mhéad a dhéanfar bearta éifeachtacha chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide agus le díghrádú comhshaoil a chur siar, a lagú nó a sheachaint, is amhlaidh is airde a bheidh na rioscaí.

([3]) Economic losses from climate-related extremes in Europe [Caillteanais eacnamaíocha a tharla san Eoraip de dheasca teagmhais fhoircneacha a bhain leis an aeráid] — An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil.

([4]) *Forging a climate-resilient Europe – the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip aeráid-díonach a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don Athrú Aeráide] COM(2021) 82 final (níl leagan Gaeilge ann), roinn 2.2.3 agus *Strategy for financing the Transition to a Sustainable Economy* [Straitéis maidir leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a mhaoiniú] COM(2021) 390 final (níl leagan Gaeilge ann), Roinn II agus Roinn III, Gníomhaíocht 2 c, deais agus páipéar plé an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) maidir leis an mbearna cosanta árachais.

([5]) Tuarascáil_ESPAS.pdf , lch. 8.

3.3. Fuair 240 duine ar a laghad bás de dheasca na dtuilte a bhuail iarthar na hEorpa i samhradh 2021 ([6]). Easáitíodh an t-uafás eile agus chaill na sluaite a dtithe. Sa Ghréig, rinneadh cuntas ar 500 falscaí ar a laghad i rith tonn teasa a bhuail an tír ([7]).

3.4. Ní hamháin gur ar scála nach bhfacthas riamh cheana a tharla an scrios agus an cailleadh beatha de dheasca tubaistí comhshaoil in 2021, ach b'amhlaidh a bhí sé freisin i dtaca leis an gcostas airgid a thit ar na pobail a bhí thíos leis. In iarthar na hEorpa, measadh gurbh fhiú EUR 38 mbilliún an damáiste a rinneadh de dheasca na dtubaistí ([8]). Sa Ghréig, bhí ar an bPríomh-Aire pacáiste cúnaimh EUR 500 milliún a fhormheas d'oileán Evia, an réigiún ba mheasa a bhí thíos leis na tinte ([9]).

3.5. Níl cuid ar bith den domhan saor ó bhagairt na dtubaistí nádúrtha atá ag dul i méid. Ar an dóigh chéanna, níl acmhainní leordhóthanacha ag aon Bhallstát de chuid an Aontais lena leithéidí de dhúshláin ollmhóra a shárú – a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus ábhair chun aghaidh a thabhairt ar thriomaigh, falscaithe agus tuilte nó a mhéid a bhaineann leis an gcistiú atá ag teastáil chun cuidiú leis na limistéir atá buailte téarnamh a dhéanamh.

3.6. Na hinfheistíochtaí ón gCiste Coigeartaithe Aeráide lena ndíreofaí ar fhreagairt do thubaistí nádúrtha, ba cheart go gcomhlánóidís an caiteachas leanúnach ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa ar ullmhúcháin le haghaidh tubaistí agus ar thubaistí a chosc. Tá gá le hinfheistíocht ollmhór chun athléimneacht a chruthú i gcoinne thionchair an athraithe aeráide, mar shampla infheistíocht i dtógáil cladán, foirgnimh atá frithsheasmhach in aghaidh tuilte, cosaint ar chreimeadh cósta, trealamh chun faireachán a dhéanamh ar fhalscaithe agus chun iad a shrianadh, agus teicneolaíocht chun cabhrú le huisce úr a shábháil agus a stóráil i limistéir atá buailte ag triomaigh, i measc nithe eile nach iad. Cé gur cheart go bhfeidhmeodh cistí struchtúracha agus infheistíochta ar bhonn *ex ante* chun damáiste a d'fhéadfadh a bheith ann a laghdú, ba cheart Ciste Coigeartaithe Aeráide a bheith ann chun freagairt go tapa i gcásanna nár éirigh leis na bearta coisctheacha sin cosc a chur ar dhamáiste áirithe.

3.7. Tá CESE á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le sásra tacaíochta i bhfad níos láidre ná an sásra atá i bhfeidhm faoi láthair chun iarmhairtí na géarchéime aeráide a thuar. Tá teorainn EUR 500 milliún in aghaidh na bliana le buiséad iomlán CDAE ([10]). Ó cuireadh chun feidhme é in 2002, tá tacaíocht tugtha ag CDAE do 28 dtír Eorpacha éagsúla agus EUR 7 mbilliún curtha ar fáil aige ([11]). Is éacht mór é sin, ach níor leor ar chor ar bith é chun íoc as an damáiste a rinneadh de dheasca tubaistí nádúrtha in 2021 amháin, gan trácht ar bhliain ar bith eile.

3.8. I gcás tubaiste nádúrtha, tá riosca níos airde ann maidir le beatha daoine a chailleadh i measc grúpaí áirithe nach féidir leo na limistéir atá buailte a fhágáil go héasca. Is amhlaidh atá go háirithe do dhaoine scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumas, agus do leanaí. Ní mór infheistíochtaí a spriocdhíriú lena chinntiú go mbeidh an trealamh agus an cúltaca oibrithe tarrthála breise is gá ag na seirbhísí éigeandála chun cabhair a thabhairt do gach duine a bhfuil aird ar leith ag teastáil uaidh. Tá sé níos deacra do dhaoine a bhfuil níos lú acmhainní acu áit a fhágáil, mar gheall ar an gcostas a bhaineann le cóiríocht mhalartach a fháil agus mar gheall ar an rochtain theoranta atá acu ar mhodhanna soghluaisteachta pearsanta. Ba cheart go mbeadh sé ar cheann de na haidhmeanna a bheadh leis an gCiste Coigeartaithe Aeráide aghaidh a thabhairt ar an méid sin.

4. **An Ciste Coigeartaithe Aeráide ina chonair i dtreo an aistrithe chuig fuinneamh glas**

4.1. Tá CESE den bharúil freisin gur cuid eile den choigeartú aeráide is ea an dul in oiriúint do shaol nua an táirgthe fuinnimh inbhuanaithe. I bhfianaise ar thit amach le déanaí, tá dúshláin ollmhóra phráinneacha roimh an Aontas ó thaobh neamhspleáchas fuinnimh de, dúshláin nach raibh súil leo tráth ar dréachtaíodh an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), NGEU agus an creat rialachais eacnamaíoch. I dtaca le plean *REPowerEU* ([12]) an Choimisiúin agus leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach, aontaíonn CESE go hiomlán, tar éis don Rúis ionradh a dhéanamh ar an Úcráin, nár láidre riamh an cás ar son an neamhspleáchais fuinnimh, lena n-áirítear foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt.

4.2. Tá CESE á chur i bhfios go láidir gur gá béim a leagan ar a bhféadfaí a bhaint amach ó thaobh an tsoláthair fuinnimh a mhéadú agus an inacmhainneacht fuinnimh a fheabhsú san Aontas le teicneolaíochtaí fuinnimh ghlais agus dhícharbónaithe, agus leis an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus an éileamh ar fhuinneamh a laghdú. Cuirfidh sé sin leis an gcosaint ar arduithe praghsanna, rud a chuireann bac ar an bhfás eacnamaíoch, a chuireann leis an neamhionannas, a chothaíonn bochtaineacht fuinnimh, a ardaíonn costais táirgthe agus a chuireann isteach ar iomaíochas an Aontais. Is díol sásaimh ar leith é do CESE an dlús atá á chur le tabhairt isteach na réiteach nuálach hidrigin-bhunaithe agus an leictreachais in-athnuaite atá iomaíoch ó thaobh costais de sa tionscal.

([6]) https://www.brusselstimes.com/belgium-all-news/199487/europes-summer-floods-amount-to-worlds-second-most-costly-natural-disaster-of-2021.
([7]) https://www.reuters.com/world/europe/greece-starts-count-cost-after-week-devastating-fires-2021-08-09/.
([8]) Europe's summer floods amount to world's second-most costly natural disaster of 2021 (brusselstimes.com).
([9]) https://www.reuters.com/world/europe/greece-starts-count-cost-after-week-devastating-fires-2021-08-09/.
([10]) Ciste Dlúthpháirtíochta Aontais.
([11]) https://ec.europa.eu/regional_policy/en/funding/solidarity-fund/.
([12]) *Plean REPowerEU*, COM(2022) 230 final.

4.3. Is tábhachtaí ná riamh infheistíocht phráinneach uaillmhianach a dhéanamh sa ghluaiseacht i dtreo cineálacha fuinnimh níos glaise arna dtáirgeadh laistigh den Aontas. Cé gur cheart táirgeadh fuinnimh ghlais agus neamhspleáchas fuinnimh a bheith ina spriocanna fadtéarmacha ag an Aontas i gcónaí, i bhfianaise an scéil mar atá sé anois díreach, tá géarghá ag an Aontas le soláthar fuinnimh inacmhainne ó fhoinsí malartacha nach gcuirfeadh isteach ar a chuid spriocanna fuinnimh. Maidir leis an ngéarghá atá le fuinneamh inacmhainne ó fhoinsí malartacha a sholáthar don phobal, b'éifeachtaí agus b'éifeachtúla a d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt air sin leis an gCiste Coigeartaithe Aeráide ná leis na sásraí atá ann cheana.

4.4. Is léir do CESE, agus is léire fós lá i ndiaidh lae, go mbaineann an spleáchas fuinnimh óna láidre atá freagairtí an Aontais do leithéidí na Rúise, rud is léir ó fhreagairt an Aontais don ionradh ar an Úcráin. Ós rud é go bhfuil an tAontas ag brath an iomarca faoi láthair ar ghás na Rúise, tá an bonn á bhaint go mór ó chumas an Aontais agus na mBallstát bearta prasa a dhéanamh gan a gcuid saoránach féin a chur i mbaol an ghanntanais breosla agus na bochtaineachta fuinnimh. Ar an drochuair, ní réiteach inbhuanaithe ná freagrach ó thaobh an chomhshaoil de iad na pleananna gás nádúrtha a fháil ó Stáit Aontaithe Mheiriceá ([13]).

4.5. Ba cheart an Ciste Coigeartaithe Aeráide a úsáid chun fuinneamh glas agus dícharbónaithe arna tháirgeadh san Aontas, rud a bhfuil géarghá leis, a chistiú, chun na teicneolaíochtaí atá ann cheana a thabhairt isteach ar bhonn uaillmhianach agus chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt teicneolaíochtaí nua d'fhonn geilleagar a bheadh saor ó astaíochtaí a bhaint amach. Tá sé á thathant ag CESE gan faillí a dhéanamh, de dheasca an chogaidh san Úcráin, i misean an Aontais spriocanna comhshaoil agus sóisialta a bhaint amach, óir is ionann iad siúd agus an bhunchloch ar ar féidir neart eacnamaíoch a thógáil san fhadtéarma.

4.6. Tá éagsúlacht ollmhór ann idir na Ballstáit a mhéid a bhaineann leis an dul chun cinn atá á dhéanamh chun an tomhaltas fuinnimh a laghdú. In 2018, ní raibh laghdú faoi bhun spriocanna 2020 i dtaca leis an éileamh fuinnimh intíre iomlán déanta ach ag 11 cheann de na 27 mBallstát. Tríd is tríd, tá an tAontas i bhfad ó na spriocanna atá aige do 2030 a bhaint amach, rud a chiallaíonn go bhfuil gá le hiarrachtaí breise. Ar an dea-uair, tá ardú de réir a chéile tagtha ar sciar na bhfoinsí in-athnuaite den olltomhaltas deiridh fuinnimh san Aontas. Moladh sa phacáiste "Oiriúnach do 55" 40 % a bhaint amach i gcás sciar na bhfoinsí in-athnuaite den ídiú fuinnimh faoi 2030. Cé go bhfuil éagsúlachtaí móra ann ó thaobh sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh de ar fud an Aontais, is amhlaidh atá freisin i gcás an acmhainn fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, rudaí a bhaineann le srianta buiséadacha agus leagan amach tíreolaíoch na háite. Tá an acmhainn fhótavoltach shuiteáilte in aghaidh an duine íseal go leor i roinnt tíortha, cé go bhfuil acmhainneacht mhór ag baint leis an réimse sin. I dtíortha eile, baineann an fuinneamh in-athnuaite sciar mór amach i ngeall ar na féidearthachtaí geografacha fabhracha do stáisiúin hidrileictreacha.

4.7. Beidh na hiarrachtaí chun an t-aistriú chuig fuinneamh glas a bhaint amach fite fuaite le riachtanais chistiúcháin nua. Ní mór na hiarrachtaí sin a dhéanamh ar bhonn práinne i bhfianaise na géarchéime fuinnimh agus an ghá mhéadaithe atá le neamhspleáchas fuinnimh an Aontais. Beidh beart láidir cistithe ag teastáil chun borradh a chur faoi thograí an phacáiste "Oiriúnach do 55" trí spriocanna níos uaillmhéine agus spriocdhátaí níos luaithe a leagan síos maidir le fuinneamh in-athnuaite, cuir i gcás fuinneamh gréine agus gaoithe a thabhairt isteach agus an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. D'fhógair an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige measúnú a dhéanamh ar na riachtanais chistiúcháin sin i gcomhthéacs thograí *REPowerEU* ([14]), measúnú a bhunófar ar na riachtanais sna Ballstáit a mhapáil, agus ar cheanglais maidir leis an infheistíocht trasteorann. Is díol sásaimh do CESE an méid sin, ach tá sé á chur in iúl freisin nach leor na huirlisí maoiniúcháin atá ann faoi láthair ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus go bhfuil gá le gníomhaíocht chun an fuinneamh in-athnuaite a réiteach anois. Ba cheart a thuilleadh a chur le caiteachas an Chiste Coigeartaithe Aeráide ar fhuinneamh in-athnuaite freisin ach infheistíocht phríobháideach a mhealladh, agus airgead síl á chur ar fáil leis an gciste.

4.8. Maidir le méadú a dhéanamh ar an infheistíocht chun neamhspleáchas fuinnimh an Aontais a fheabhsú, ba cheart déanamh amhlaidh i gcomhréir leis an mbéim ar an aistriú chuig fuinneamh glas agus in-athnuaite. Ionas go n-éireoidh leis, de bhreis ar infheistíochtaí a dhéanfar láithreach bonn tríd an gCiste Coigeartaithe Aeráide, beidh gá ag an Aontas le hinfheistíochtaí suntasacha fadtéarmacha sa taighde agus sa nuálaíocht agus le bealaí nua táirgthe agus ídithe, chun feabhas a chur ar a chumas fuinneamh glan inacmhainne a thairiscint do chách. Is léiriú cheana féin é clár oibre taighde agus nuálaíochta an Aontais ar a thiomanta atá sé don sprioc sin, agus d'fhéadfaí dul chun cinn suntasach a dhéanamh. Mar sin féin, in éineacht leis an mbéim sin ar thaighde, ní mór go mbeidh gealltanas ó na Ballstáit dul i mbun cineálacha táirgthe fuinnimh níos glaise agus feabhas a chur ar a gcumas aistriú a dhéanamh ó mhodhanna táirgthe fuinnimh traidisiúnta, go háirithe sna Ballstáit sin a bhfuil spleáchas mór ar an ngual acu go fóill.

([13]) U.S., EU strike LNG deal as Europe seeks to cut Russian gas | Reuters.
([14]) COM(2022) 230 final.

4.9. Cé gur díol sásaimh do CESE an cistiú atá ann cheana atá tiomnaithe don bheartas aeráide in CAI agus in NGEU, tá sé á chur in iúl freisin go bhfuil athrú tagtha ar na bagairtí comhshaoil is práinní do dhaoine san Aontas ó cruthaíodh na cistí sin agus go bhfuil gá le cur chuige nua. De bhreis ar an gciste nua sin a chruthú, tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an timpeallacht chistiúcháin d'fhonn bearnaí maoiniúcháin agus riachtanais bhreise chistiúcháin a shainaithint maidir le gnéithe éagsúla den bheartas aeráide.

5. **Stóinseacht bheartais aeráide agus fuinnimh an Aontais atá ann cheana agus comhlántacht an Chiste Coigeartaithe Aeráide a áirithiú**

5.1. D'fhreastalódh an Ciste Coigeartaithe Aeráide ar riachtanas an-sonrach nach bhfuiltear ag freastal air ó thaobh chistiú an Aontais de, is é sin le rá cistiú leordhóthanach a bheith ar fáil chun éigeandálaí aeráide, comhshaoil agus fuinnimh a fhreagairt go tapa. Mar sin féin, ní mór an ciste sin a bheith comhsheasmhach agus comhleanúnach le beartais uileghabhálacha an Aontais sna réimsí céanna.

5.2. Is saincheist chórasach í an ghéarchéim aeráide nach mbaineann teorainneacha léi, rud a chiallaíonn go bhfuil gá le hathrú córasach ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an geilleagar agus a fhágann go bhfuil sé ríthábhachtach go ngabhfaidh na rialtais orthu féin tabhairt faoi réitigh chórasacha in áit aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na faidhbe agus orthu sin amháin.

5.3. Is measa fós an fhadhb óir is ann do dhifríochtaí ollmhóra maidir leis an mbaint atá ag daoine aonair agus grúpaí leis an bhfadhb agus maidir leis an difear a dhéanann an fhadhb dóibh. Baineann na difríochtaí sin le loirg charbóin, agus éagsúlacht shuntasach go leor ann san Aontas ó thaobh astaíochtaí CO_2 per capita de ó Bhallstát go Ballstát agus ó réigiún go réigiún. Feictear difríochtaí freisin i dtaca le tionchar an athraithe aeráide, an cumas dul in oiriúint do na dúshláin agus dul i ngleic leo agus, ar deireadh, tionchair bhearta an bheartais aeráide agus na n-athruithe struchtúracha suntasacha atá le teacht.

5.4. Tá difríochtaí móra san Aontas ó thaobh tionchair aeráide de ó Bhallstát go Ballstát agus laistigh de na Ballstáit féin, de réir leagan amach tíreolaíoch na háite agus staid agus struchtúr gheilleagar na háite. Mar shampla, tá cónaí ar 7 % de dhaonra an Aontais i gceantair a mbíonn baol mór tuilte iontu agus, os a choinne sin, os cionn 9 % den daonra i gceantair nach mbíonn báisteach iontu 120 lá sa bhliain.

5.5. Má tá aistriú cóir le baint amach, tá gá freisin le dálaí sóisialta inbhuanaithe i gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. De bhreis air sin, tá CESE ag iarraidh cur chuige iomlanaíoch i dtaca leis an inbhuanaitheacht comhshaoil agus tá aird á tarraingt aige ar an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, rud lena mbunaítear sé chuspóir comhshaoil: maolú ar an athrú aeráide, úsáid inbhuanaithe agus cosaint an uisce agus acmhainní muirí, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, cosc agus rialú ar thruailliú, agus an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú.

5.6. I bhfianaise an bhuiséid formheasta os cionn EUR 330 billiún a bhaineann leis sa chlárthréimhse atá ann faoi láthair, is é an beartas comhtháthaithe an uirlis infheistíochta comhpháirtí is mó agus is tábhachtaí atá san Eoraip agus, dá bhrí sin, tá ról ríthábhachtach aige maidir le dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide. I dtaca leis na difríochtaí laistigh de na Ballstáit agus ó cheann amháin go ceann eile, rudaí arb é an aidhm atá leis an mbeartas comhtháthaithe aghaidh a thabhairt orthu, is mór is dócha freisin go mbíonn tionchar orthu ag an athrú aeráide agus na hiarmhairtí a ghabhann leis. Ó thaobh an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta de, leagtar béim láidir ann ar an aeráid freisin. Cé gur léir an tiomantas don infheistíocht, tá gá le léargas soiléir struchtúrtha a thabhairt ar na cistí Eorpacha atá dírithe ar dhul i ngleic leis an athrú aeráide agus ar an gcaoi a ndéantar iad a bhainistiú.

5.7. Tá béim á leagan ag CESE freisin ar a thábhachtaí atá sé go dtabharfadh údaráis áitiúla agus réigiúnacha gealltanas soiléir polaitiúil maidir le spriocanna aeráide a bhaint amach. Tá géarghá le dlús a chur leis an idirphlé il-leibhéil idir na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i dtaca le bearta náisiúnta maidir leis an athrú aeráide a phleanáil agus a chur chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, i dtaca le rochtain dhíreach na n-údarás áitiúil ar chistiú, agus i dtaca le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na mbeart arna nglacadh. Ní mór na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta eagraithe a bheith rannpháirteach sa phróiseas sin chun cur chuige cothrom a chosaint, agus leasanna na ngrúpaí uile á n-urramú.

5.8. Tá CESE ag tarraingt aird ar an ról lárnach atá ag na comhpháirtithe áitiúla, sóisialta agus réigiúnacha maidir le dul i ngleic le hiarmhairtí an athraithe aeráide. Ar an drochuair, is mór fós idir an tacaíocht a fhaigheann an-chuid de na gníomhaithe sin chun a gcuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú agus a mbeadh ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhfuil siad ag déileáil leo. I measc nithe eile nach é, ní mór an Ciste um Aistriú Cóir a neartú chun tacaíocht níos fearr a chur ar fáil.

5.9. Tá CESE á áitiú nach mór an t-aistriú chuig inbhuanaitheacht comhshaoil a bheith cuimsitheach agus i gcomhréir leis na SDGanna agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Sa chomhthéacs sin, ní mór a áireamh ar na príomhchritéir poist ghlasa ardcháilíochta nua a chosaint agus a chruthú agus, ar an gcaoi sin, oiliúint agus bearta sóisialta cuimsitheacha a áirithiú ach earnálacha eacnamaíocha malartacha aeráidneodracha a fhorbairt ar son an phobail réigiúnaigh. Ní mór gur mó an cúiteamh ná na héifeachtaí cúlchéimnitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann de dheasca bhearta an bheartais aeráide agus na n-athruithe struchtúracha. Ba cheart, cuir i gcás, nasc a thógail idir an soláthar poiblí agus bearta státchabhrach a bhaineann le cuideachtaí agus poist ardcháilíochta a chruthú agus ba cheart aird a thabhairt leo ar chearta oibrithe, caighdeáin chomhshaoil agus oibleagáidí fioscacha. De bhreis air sin, ní mór daoine leochaileacha a chosaint ar thionchar an athraithe aeráide agus an bhochtaineacht fuinnimh a chosc i gcónaí. Ar deireadh, tá CESE ag tarraingt aird ar an bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" ar cuid de thacsanomaíocht an Aontais é, lena sonraítear nach gceadaítear dochar a dhéanamh d'aon sprioc chomhshaoil agus beartais éagsúla á gcur chun feidhme.

5.10. Ós rud é gur gnéithe tábhachtacha den chomhrac i gcoinne na géarchéime aeráide iad an t-oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh in oideachas inrochtana maidir leis an athrú aeráide agus le saoránacht ghníomhach. Uirlis chumhachtach is ea an t-oideachas inbhuanaitheachta, rud a chuireann ar chumas daoine óga páirt a ghlacadh sa díospóireacht maidir leis an gcruth ba cheart a chur ar bheartas aeráide nithiúil. Is ag dul i méid i gcónaí atá an t-aitheantas a thugtar do thábhachtach an oideachais agus na hoiliúna sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide.

An Bhruiséil, an 21 Meán Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG